

# An taighdeoir thú sa Gheilleagar Gorm go luath i do ghairm bheatha?

Cuir isteach ar chlár oiliúna agus meantóireachta EMPORIA4KT saor in aisce agus cuir feabhas ar do scileanna trí AISTRÍÚ NUÁLAÍOCHTA agus TEICNEOLAÍOCHTA!

Eagraithe ag an tionscadal EMPORIA4KT arna mhaoiniú ag an AE, cuirfear an *"Clár Aistriú Teicneolaíochtaí Geilleagair Ghoirm"* i bhfeidhm sa Fhrainc, in Éirinn, sa Phortaingéil, sa Spáinn agus sa Ríocht Aontaithe. Cuirfidh an clár meantóireachta oiliúint ar fáil chun taighdeoirí luathchéime sna tíortha seo a chumasú le scileanna **Aistrithe Eolais (KT)** dá ngairm bheatha amach anseo sa **nuálaíocht Geilleagair Ghoirm**. Cuirfidh an clár seo **deiseanna líonraithe luachmhara** ar fáil chomh maith.

## Gairm ar Thaighdeoirí

Foghlaimoidh rannpháirtithe cén chaoi leis an Taighde agus Forbairt a stiúradh i dtreo an mhargaidh, an tionscail agus infheistíocht phríobháideach agus phoiblí. Déanfaidh siad scrúdú chomh maith ar an gcaoi leis an riosca sa phróiseas forbartha na dTeicneolaíochtaí Luathchéime a bhaint agus an chaoi le Teicneolaíochtaí Luathchéime a dhéanamh níos mealltaí d'infheisteoirí ag céimeanna luatha na forbartha.

Roinnfear an clár ina dhá chéim. Is éard a bheidh sa chéad **chéim ná idir 3 agus 5 lá** de cheardlanna ar líne (Márta 2021) tráth a gheobhaidh na taighdeoirí oiliúint ar scileanna a bhaineann le gníomhaíochtaí nuálaíochta agus aistrithe teicneolaíochta. Is éard a bheidh sa dara céim ná **clár meantóireachta 9 mí** (Aibreán – Nollaig 2021), tráth a bhuaifidh na rannpháirtithe lena chéile ag trí imeacht duine ar dhuine i ngach tír rannpháirteach, chomh maith le cruinnithe rialta ar líne trí uirlisí fíorúla comhoibrithe. Agus iad ag obair ar fhoirne tír-bhunaithe de cheathrar, déanfaidh na rannpháirtithe cinneadh i leith na mbealaí tráchtála is fearr le haghaidh fíorchásanna de Theicneolaíochtaí Luathchéime sa Gheilleagar Gorm. Gheobhaidh gach foireann tacaíocht ó pháirtithe tionscadail agus meantóirí **EMPORIA4KT** a bhfuil taithí acu i réimsí cuí acadúla agus tionsclaíochta den Gheilleagar Gorm.



Beidh trí fhoireann i ngach tír rannpháirteach ag déanamh cur i láthair ag leibhéal náisiúnta, agus déanfaidh an fhoireann leis an gcur i láthair is fearr ionadaíocht ar son a tíre in imeacht na craobhe idirnáisiúnta **EMPORIA4KT** sa Bhruiséil. Ag an imeacht craobhe seo, cuirfidh na cúig fhoireann a roghnaítear ag leibhéal náisiúnta a bplean tráchtála dá dTeicneolaíocht Luathchéime, a chur i láthair lucht féachana de lucht tionscail, comhlachtaí poiblí, infheisteoirí príobháideacha agus píaraí. Tar éis an chur i láthair EST, beidh imeacht bróicéireachta chun deis a thabhairt le haghaidh líonraithe agus comhoibriú KT. Beidh na Teicneolaíochtaí Luathchéime náisiúnta eile á gcur i láthair trí mheán póstaer ag an imeacht idirnáisiúnta seo.

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal **EMPORIA4KT** maoiniú breise a fháil le haghaidh staidéir cruthúnais coincheapa don Teicneolaíocht Luathchéime a n-éiríonn léi.

Glacfaidh **Clár Aistrithe Teicneolaíochtaí Geilleagair Ghoirm EMPORIA4KT** le 12 taighdeoirí Geilleagair Ghoirm ó gach tír.

### Gairm ar Theicneolaíochtaí

Tá **Gairm ar Theicneolaíochtaí** seolta agus cuireadh tugtha do na taighdeoirí Teicneolaíochtaí Luathchéime (TRL 1–4) a bhaineann leis an nGeilleagar Gorm a sheoladh isteach. Cuirfidh na foirne náisiúnta na Teicneolaíochtaí Luathchéime roghnaithe (15 san iomlán, 3 cinn in aghaidh na tíre) chun tosaigh sa **Chlár Aistrithe Teicneolaíochtaí Geilleagair Ghoirm**. Féadfaidh duine ar bith teicneolaíocht a chur isteach lena cur san áireamh, is cuma ar chur siad isteach nó ar roghnaíodh iad le haghaidh na Gairme ar Thaighdeoirí.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar do Theicneolaíocht a chur isteach, féach ar [www.emporia4kt.com/ttprogramme](http://www.emporia4kt.com/ttprogramme)

### Riachtanais

**Riachtanais teanga:** Teastóidh leibhéal maith Béarla scríofa agus labhartha ó na hiarratasóirí. Is i mBéarla a bheidh na hábhair uile (cuir i láthair, cleachtaí, mar shampla) a chuirtear ar fáil i gCéim 1 agus reáchtálfar na cruinnithe ar líne i gCéim 2 i mBéarla.

### Ní mór do na hiarratasóirí na critéir cháilitheachta seo a leanas a chomhlíonadh:

- Mic léinn reatha PhD nó céimithe PhD le déanaí (le 3 bliana nó níos lú anuas);
- Taighdeoirí go luath ina ngairm bheatha ag obair in Institiúidí Ardoideachais nó Ionaid Taighde in Éirinn;

- Féadfaidh baint a bheith ag na gníomhaíochtaí taighde leis na réimsí seo a leanas, é sin nó féadtar iad a fheidhmiú ina leith:

- Dobharshaothrú Muirí
- Turasóireacht agus fóillíocht i gCeantair Mhuirí agus Chósta
- Iascach Mara agus Próiseáil Bia Mara
- Baint Feamainne
- Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide Muirí & Biteicneolaíocht
- Tráchtáil & Nuálaíocht Mhuirí
- Fuinneamh In-Athnuaite Muirí agus Aigéin
- Saineolas Muirí, Pleanáil Spásúlachta agus Faireachas Comhtháite
- Déantúsaíocht Mhuirí, Tógáil agus Innealtóireacht

### Scileanna, saineolas agus cumais inmhianaithe:

- Suim i ngníomhaíochtaí nuálaíochta agus aistrithe eolais
- Páirteach i ngníomhaíochtaí taighde agus forbairt ar Theicneolaíochtaí Luathchéime

**Costais:** Nil aon táillí don chlár meantóireachta ná don cheardlann ar líne i gCéim 1. Clúdóidh **EMPORIA4KT** na costais taistil chun freastal ar na trí imeacht náisiúnta a reáchtálfar le linn an chlár meantóireachta 9 mí i gCéim 2. Clúdófar na costais lóistín chomh maith más gá. Is ar líne a reáchtálfar gach cruinniú agus comhoibriú eile. Clúdóidh **EMPORIA4KT** na costais taistil do na foirne a roghnaítear chun páirt a ghlacadh san imeacht idirnáisiúnta.

**Gealltanais ama:** Is bunriachtanas é freastal ar na ceardlanna ar líne i gCéim 1 agus ar na trí imeacht náisiúnta i gCéim 2. Is bunriachtanas é taisteal chun an imeachta craobhe idirnáisiúnta **EMPORIA4KT** más cuid den fhoireann thú a roghnaítear chun ionadaíocht a dhéanamh ar do thír. Beidh tuairim agus dhá chruinniú sa mhí ag na rannpháirtithe lena ngrúpa chomh maith, agus beidh taisc a leanfaidh ó na cruinnithe seo le críochnú. Táthar ag súil leis go mbeidh gealltanais ama idir 10 agus 15 uair an chloig sa mhí i gceist do gach taighdeoir le haghaidh cruinnithe agus obair a leanann uathu. Táthar ag súil leis go reáchtálfar na hagallaimh ar iarratasóirí (más gá) ó 21 go 23 Deireadh Fómhair 2020.

**Cén chaoi le hiarratas a dhéanamh?** Chun tuilleadh eolais a fháil, nó chun iarratas a dhéanamh ar an gclár **EMPORIA4KT**, féach ar: [www.emporia4kt.com/ttprogramme](http://www.emporia4kt.com/ttprogramme)

**Iarratais ar oscailt:** 1 Meán Fómhair 2020

**Spriocdháta le haghaidh iarratas:** 16 Deireadh Fómhair 2020

**Sonraí teagmhála:** Aodán Mac Donnachadha; Údarás na Gaeltachta;  
[a.macdonnachadha@udas.ie](mailto:a.macdonnachadha@udas.ie); 091 503277